Ceacht a Ceathair Lesson Four

An maith leat é? Do you like it?

Leathanach 1 Page 1

1. Cad é?

Cad é seo? Cad é sin?

Is <u>cupán</u> é.

Cad iad seo? Is *cupáin* iad.

2. An <u>cupán</u> é seo?

Sea. Is *cupán* é.

Ní hea.

Ní <u>cupán</u> é.

Ní cupán é, ach gloine.

3. Is maith liom *líomanáid*.

Ní maith liom <u>líomanáid</u>. An maith leat <u>líomanáid</u>? Nach maith leat <u>líomanáid</u>?

Is maith.
Ní maith.

Is breá liom *líomanáid*. Is fearr liom *uisce*. Is fuath liom *líomanáid*.

4. Ba mhaith liom *líomanáid*.

Níor mhaith liom <u>líomanáid</u>. Ar mhaith leat <u>líomanáid</u>? Nár mhaith leat <u>líomanáid</u>?

Ba mhaith. Níor mhaith.

B'fhearr liom *uisce*.

What is it? What is this?

What is that?

It's a <u>cup</u>.

What are these? They're *cups*.

Is this a <u>cup</u>?

Yes [it is so]. It's a *cup*.

No [it is not so]. It's not a *cup*.

It's not a *cup*, but rather a *glass*.

I like *lemonade*.

I don't like <u>lemonade</u>. Do you like <u>lemonade</u>? Don't you like <u>lemonade</u>?

Yes [is good]. No [isn't good].

I love *lemonade*. I prefer *water*. I hate *lemonade*.

I'd like *lemonade*.

I wouldn't like <u>lemonade</u>. Would you like <u>lemonade</u>? Wouldn't you like <u>lemonade</u>?

Yes [would be good]. No [wouldn't be good].

I'd prefer water.

| liom | with me | linn | with us |
|------|----------|----------|-----------|
| leat | with you | libh | with ye |
| leis | with him | leo | with them |
| léi | with her | le Máire | with Mary |

Comhrá 1

A: An maith leat uachtar reoite?

B: Ní maith. Is fearr liom torthaí.

A: An maith leat seacláid?

B: Is breá liom seacláid.

Comhrá 2

A: Ar mhaith leat tae?

B: Níor mhaith. Ba mhaith liom uisce.

A: Ar mhaith leat brioscaí?

B: Ba mhaith. Go raibh maith agat.

Comhrá 3

A: Ar mhaith leat glasraí?

B: Níor mhaith. Ba mhaith liom prátaí.

A: Nach maith leat glasraí?

B: Is maith, ach b'fhearr liom prátaí anois.

Comhrá 4

A: Ar mhaith leat feoil?

B: Níor mhaith. Is fuath liom feoil.

A: Ar mhaith leat cáis?

B: Ba mhaith. Is breá liom cáis.

A: Ar mhaith leat torthaí freisin?

B: Ba mhaith, go raibh maith agat.

Comhrá 5

A: An maith le Seán milseáin?

B: Ní maith. Ní maith leis milseáin.

A: An maith libh sailéad?

B: Is breá linn sailéad.

A: Ar mhaith le Máire iasc?

B: Níor mhaith. Is fuath léi iasc.

Conversation 1

Do you like ice cream?

I don't. I prefer fruit.

Do you like chocolate?

I love chocolate.

Conversation 2

Would you like some tea?

No. I'd like some water.

Would you like some cookies?

Yes. Thank you.

Conversation 3

Would you like some vegetables?

I wouldn't. I'd like potatoes.

Don't you like vegetables?

I do, but I'd prefer potatoes now.

Conversation 4

Would you like some meat?

No. I hate meat.

Would you like some cheese?

Yes. I love cheese.

Would you like some fruit, too?

Yes, thank you.

Conversation 5

Does Sean like candy?

No, he doesn't like candy.

Do ye like salad?

We love salad.

Would Mary like some fish?

No. She hates fish.

1. Is maith liom pióg úll agus uachtar reoite.

I like apple pie and ice cream.

2. Is maith liom subh ar mo chuid aráin.

I like jam on my bread.

3. Is maith leis a gheansaí glas.

He likes his green sweater.

4. Ní maith liom coiníní.

I don't like rabbits.

5. Ní maith liom an ruga sin.

I don't like that rug.

6. Ba mhaith liom ceapaire a ordú.

I'd like to order a sandwich.

7. Ba mhaith liom sú oráiste a ól.

I'd like to drink some orange juice.

8. Ba mhaith liom tuilleadh bainne, le do thoil.

I'd like more milk, please.

9. Ba mhaith linn leaba agus bricfeasta.

We'd like a bed and breakfast.

10. Ar mhaith leat rud éigin le nithe?

Would you like something to eat?

11. Ar mhaith leat Gaeilge na hAlban a fhoghlaim freisin. Ba mhaith.

Would you like to learn Scottish Gaelic, too? Yes.

12. An dtig leat an cló úr a léamh. Ó, thig, maith go leor, ach b'fhearr liom an seanchló.

Can you read the new script? Oh, yes, indeed, but I'd prefer the old script.